An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tuarascáil ar dhul chun cinn: Iúil 2013 – Meán Fómhair 2014

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Treoirlínte reachtúla críochnaithe um Plean Ceantair Áitiúil (PCA) d'Údaráis Áitiúla i mí an Mheithimh 2013 ina moltar d'údaráis phleanála, agus iad ag ullmhú pleananna a chlúdaíonn ceantair Ghaeltachta, a chinntiú go gcosnaítear oidhreacht teanga agus chultúrtha na gceantar sin.

I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar na Treoirlínte Pleanála ar Phleananna Forbartha 2007, breathnóidh an Roinn ar an scóip atá ann chun an treoir fhairsing atá iontu i ndáil le ceantair Ghaeltachta a fheabhsú. Bhí an t-athbhreithniú ar na Treoirlínte Pleanála 2007 beartaithe do shamhradh na bliana 2014. Mar gheall ar an riachtanas i ndáil le dhá Bhille Pleanála i Ráithe 3 de 2014 áfach, táthar ag dréim leis go gcuirfear tús leis an bpróiseas sin i Ráithe 4 de 2014 nó Ráithe 1 de 2015.

Tá an príomhfhócas go fóill ar éilimh thosaíochta i réimse na seirbhísí comhroinnte (i.e. faoin Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht Rialtais Áitiúil), agus tá breithniú breise le déanamh ar an aidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte nua a fhorbairt, le saineolas speisialaithe agus cuí do gach ceantar Gaeltachta sa réimse pleanála, trí theagmháil idir na bhforas lena mbaineann. Mar thoradh ar chónascadh réimsí riaracháin údaráis áitiúla le linn 2014, cuireadh roinnt réimsí, lena n-áirítear párolla agus soláthar, in áit tosaíochta le linn fheidhmiú céimneach na seirbhísí comhroinnte. Tá plé le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach maidir le saineolas Gaeilge a chomhroinnt fós ar bun.

Tá an Roinn ag éascú seirbhísí dátheangacha sa réimse pleanála freisin le roinnt tionscnamh nua. Cuireann an córas faisnéise pleanála ar líne, www.myplan.ie, ionad ilfhreastail ar fáil le haghaidh eolais faoi Phleananna Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúil chomh maith le heolas eile a bhaineann leis an bpróiseas pleanála agus feidhmíonn sé go dátheangach. Tá scéim iarratais phleanála ar líne á triail chomh maith sna húdaráis áitiúla i mBaile Átha Cliath agus tá sí ar fáil i nGaeilge.

Áirítear ar an gClár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2012, moltaí leis an bpróiseas pleanála a threisiú agus tabharfaidh an Roinn aird chuí ar na himpleachtaí a bheadh ann do gach ceantar pleanála, ceantair Ghaeltachta ina measc. Agus ceantair riaracháin údaráis áitiúla á gcónascadh, déanfaidh údaráis áitiúla athbhreithniú ar a bpleananna forbartha leis na struchtúir nua a chur san áireamh. Mar chuid den athbhreithniú sin, cuirfear pleananna do cheantair Ghaeltachta san áireamh leis na Ceantair Bhárdais nua.

Is comhairlí reachtúil do phleanáil forbartha é Údarás na Gaeltachta faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

Ó bhí deireadh 2013 ann, tá plé ar siúl idir an Roinn agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le hionadaíocht Údarás na Gaeltachta ar Choistí um Fhorbairt Phobail Áitiúil

(CFPA) a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéir údaráis áitiúil faoi seach agus ag féachaint do ról forfheidhmithe féidearthach i LEADER, SICAP agus cláir fhorbartha áitiúil eile sa Ghaeltacht.

Bearta le haghaidh na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí

Aithníonn an Roinn go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh líon áirithe foirne sa Roinn atá líofa sa teanga agus in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. I gcomhréir le beartas an Rialtais, aithneofar i scéimeanna teanga de chuid na Roinne amach anseo faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla na poist/réimsí lena mbaineann riachtanas inniúlachta sa Ghaeilge.